Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**9663/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290(COD)**

**MI 352**
**ENT 87**
**CONSOM 94**
**SAN 260**
**COMPET 449**
**CHIMIE 41**
**ENV 428**
**CODEC 726**
***PARLNAT***

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE[1].

2. Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

3. An 5 Meán Fómhair 2023, cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) Marion Walsmann (EPP, DE) mar rapóirtéir don togra. Thug Coiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) a thuairim uaidh an 12 Feabhra 2024 maidir leis an togra. Vótáil IMCO an 13 Feabhra 2024 ar a thuarascáil chríochnaitheach maidir leis an togra, agus glacadh í i seisiún iomlánach an 13 Márta 2024.

4. An 13 Nollaig 2023, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim uaidh maidir leis an togra[2].

5. Chuir an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Sábháilteacht Bréagán) tús leis an scrúdú ar an togra an 3 Deireadh Fómhair 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne. Ó shin i leith, tionóladh 19 gcruinniú bhreise den Mheitheal faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge, na hUngáire agus na Polainne.

6. Ag eascairt as an scrúdú a rinneadh ar an téacs faoi Uachtaránacht na Beilge, ghlac Coiste na mBuanionadaithe (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) sainordú na Comhairle an 15 Bealtaine 2024.

7. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach nuair a bhí an chéad chruinniú tríthaobhach ann an 20 Samhain 2024 faoi Uachtaránacht na hUngáire. Tionóladh an dara agus an tríú cruinniú tríthaobhach an 18 Márta agus an 10 Aibreán 2025 faoi seach. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach an 10 Aibreán 2025, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach.

---

[1] 12234/23 + ADD 1-5
[2] 17090/23

8. Vótáil Coiste IMCO Pharlaimint na hEorpa an 26 Meitheamh 2025 i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh. An 30 Meitheamh 2025, chuir Cathaoirleach Choiste IMCO litir chuig an Uachtaránacht inar léiríodh, dá nglacfadh an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán a comhaontaíodh, go molfadh sí don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

## II. CUSPÓIR

9. Is é cuspóir foriomlán an togra tuilleadh feabhais a chur ar chosaint leanaí ar rioscaí ionchasacha i mbréagáin, go háirithe ar cheimiceáin dhíobhálacha, agus forfheidhmiú a neartú, trína cheangal, i measc nithe eile, go mbeadh Pas Táirge Digiteach ag gach bréagán.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

10. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

11. Cuireadh leis an téacs forálacha mionsonraithe maidir leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse próiseála orduithe agus ar mhargaí ar líne. Tá na forálacha sin i gcomhréir le gníomhartha eile de chuid an Aontais ar nós an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta agus an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, faoi seach.

12. Tá na forálacha maidir le Pas Táirge Digiteach ailínithe leis an Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún cúnamh a chur ar fáil do FBManna chun cabhrú leo na ceanglais nua a bhaineann leis an bpas táirge digiteach a chomhlíonadh. Thairis sin, i gcás ina n-áirítear sa phas táirge digiteach an fhaisnéis ábhartha uile a cheanglaítear faoi reachtaíocht earnála áirithe maidir le táirgí, meastar go bhfuil an oibleagáid dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas faoi na rialacha earnáilsonracha sin á comhlíonadh ag na monaróirí.

13. Scriosadh gné na meabhairshláinte a mhol an Coimisiún in Airteagal 5(2) ó na buncheanglais sábháilteachta. Forlíonadh Airteagal 25 le ceanglas nach mór leochaileachtaí leanaí a chur san áireamh sa mheasúnú sábháilteachta i gcás ina ndéantar an measúnú ar bhréagáin a thagann faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, faoin nGníomh um Chibearshlándáil nó faoin Treoir maidir le Trealamh Raidió.

14. Soiléiríodh raon feidhme an Rialacháin trína shonrú nár cheart a mheas gur bréagáin leabhair agus trealamh liathróide péinte áirithe.

15. Soiléiríodh ceanglais sábháilteachta ar leith, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an leibhéal fuaime a d'fhéadfadh na bréagáin a dhéanamh, na bréagáin ina bhfuil maighnéid nó páirteanna maighnéadacha, agus bréagáin ina bhfuil ceallraí.

16. Maidir le hairíonna ceimiceacha bréagán:

(a) toirmisctear ceimiceáin áirithe a bheith i mbréagáin:

(i) catagóir 1A den aicme íogróirí craicinn;

(ii) substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) go dtí go dtiocfaidh na srianta ginearálta faoin Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) nó faoin Rialachán maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha i bhfeidhm;

(iii) cumhráin ailléirgineacha áirithe;

(iv) deich mbisfeanól, a cuireadh le Cuid D nua den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II. Beidh an Chuid D seo faoi chumhachtú an Choimisiúin freisin an Fhoscríbhinn a leasú trí ghníomh tarmligthe;

(v) nítreasaimíní agus substaintí nítreasáithithe i gcás ina bhfuil ascnamh na substaintí sin níos airde ná na teorainneacha ascnaimh a leagtar amach sa chomhaontú sealadach;

(b) bunaíodh teorainneacha ascnaimh le haghaidh ceithre mhonaiméir bhreise (clóiríd vinile, aicrilinítríl, stiréin, bútaidhé-éin);

(c) tugtar de chumhacht don Choimisiún codanna A, B agus D den Fhoscríbhinn d'Iarscríbhinn II a leasú, lena n-áirítear na forálacha maidir le nítreasaimíní agus maidir leis na ceithre mhiotal throma. Leagtar amach cumhachtaí tarmligthe sin an Choimisiúin i míreanna ar leith le haghaidh nítreasaimíní agus na miotail throma, rud a chuireann oibleagáid ar an gCoimisiún tuairim a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) ar dtús.

17. Tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ceanglais theicniúla a bhunú don phas táirge digiteach. Leagtar síos sa téacs an méid ba cheart a chumhdach leis na ceanglais theicniúla sin agus sonraítear ann dáta chur i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin, nach mbeidh níos luaithe ná 18 mí tar éis a theacht i bhfeidhm.

18. Áirítear sa téacs an clásal neamhthuairime maidir le gach gníomh cur chun feidhme.

19. Iarrtar ar an gCoimisiún an tuarascáil mheastóireachta a thíolacadh faoi dháta arna shocrú ag 38 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin. Soiléirítear ábhar an athbhreithnithe sa Rialachán freisin.

20. Socraíodh gurb é 54 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin nua.

## IV. CONCLÚID

21. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún.

22. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é an seasamh uaithi ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar é, go bhfeabhsóidh a thuilleadh, leis an Rialachán maidir le sábháilteacht bréagán, cosaint leanaí ar rioscaí ionchasacha i mbréagáin, go háirithe ar cheimiceáin dhíobhálacha, agus go neartófar forfheidhmiú, trína cheangal, i measc nithe eile, go mbeidh Pas Táirge Digiteach ag gach bréagán.